# AN BORD PLEANÁLA

## TRANSPORT (RAILWAY INFRASTRUCTURE) ACT 2001
## (AS AMENDED AND SUBSTITUTED)
## APPLICATION BY CÓRAS IOMPAIR ÉIREANN FOR A RAILWAY ORDER

Córas Iompair Éireann (CIÉ) in exercise of its powers conferred upon it by section 37 of the Transport (Railway Infrastructure) Act 2001 (as amended and substituted) will apply on or after the 14th May 2021 to An Bord Pleanála for a Railway Order pursuant to the provisions of the said Act.

The Railway Order, if granted, will authorise Córas Iompair Éireann to carry out railway works and all works necessary to enable CIÉ to eliminate and, where necessary, upgrade seven numbered level crossings and carry out all associated and ancillary works along a 24 kilometre section of the Dublin to Cork Railway Line as follows:

- XC187 – Fantstown – Closure of existing level crossing: Divert traffic along existing roads to existing overbridge approximately 3 kilometres to the north east;
- XC 201 – Thomastown – Closure of existing level crossing. New road-over-rail bridge. Tie into existing local road to south and new junction on Regional Road R515 to north;
- XC209 – Ballyhay – Upgrade existing level crossing to a 4-barrier CCTV controlled level crossing;
- XC211 – Newtown – Closure of existing level crossing. New access road immediately east of the existing road-over-rail bridge to the north of XC211 Newtown, tie in to existing local road to the east of XC211 Newtown;
- XC212 – Ballycoskery (Ballyhea Village) – Closure of existing level crossing. New road over-rail bridge to tie into existing local road to east and west of level crossing, new car park to existing school. Tie into Beechwood Estate and Ballyhea National School to north and existing local road to south;
- XC215 – Shinanagh – Closure of existing level crossing. New access road to tie into existing road-over-rail bridge approximately 1km to the north; and
- XC219 – Buttevant – Closure of existing level crossing. Construction of a new road-over-rail bridge and tie in to existing regional road to east and west.

**The application will be accompanied by documents including the following:**

(a) A draft of the proposed Railway Order entitled the "Dublin to Cork Railway Line (Elimination and Upgrade) of Level Crossings between Limerick Junction and Mallow Order 2021";
(b) Plans of the proposed railway works;
(c) A book of reference to the plan (indicating the identity of the owners and of the occupiers of the lands described in the plan);
(d) A statement of the likely effects on the environment (an "Environmental Impact Assessment Report") of the proposed railway works;
(e) A Natura Impact Statement.

**Inspection of Draft Railway Order and Accompanying Documents**

A copy of the Draft Railway Order and documents accompanying the application may be inspected during normal office or opening hours (with the exception of Charleville Station where viewings will be made by appointment via the project email address cllc@irishrail.ie or by calling 01 7034451) from the 28th May 2021 for the duration of 6 weeks until 9th July 2021 at:

- **An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin, D01 V902**
- **Limerick City and County Council, Dooradoyle Road, Dooradoyle, Limerick, V94 WV78**
- **Cork County Council, County Hall, Carrigrohane Road, Cork, T12 R2NC**
- **Iarnród Éireann, Charleville Station, Railway Road, Charleville, Co. Cork, P56 C654**

These documents may also be viewed at www.irishrail.ie/CorkLineLevelCrossings

**Purchase of Documents**

Copies or extracts from the documents which accompanied the application, including the Environment Impact Assessment Report, the Non-Technical Summary of same and the Natura Impact Statement, may be purchased on payment of a fee not exceeding the reasonable cost of making such copy or extract from:

- Cork Line Level Crossings Project, C/O Jacobs, Mahon Industrial Estate, Blackrock, Cork, T12 HY54
- An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin, D01 V902
- Limerick City and County Council, Dooradoyle Road, Dooradoyle, Limerick, V94 WV78
- Cork County Council, County Hall, Carrigrohane Road, Cork, T12 R2NC

**Written Submissions**

An Bord Pleanála will consider any submissions in relation to the proposed Railway Order or in relation to the likely effects on the environment and the likely significant effects in the area concerned on European Sites, if any, of the proposed railway works which are submitted in writing to it by any person and accompanied by a fee of €50 (This fee is not payable by certain prescribed bodies or by persons whose lands may be acquired under the order). Submissions must be lodged no later than 5.30 p.m. on the 9th July 2021 and must be addressed to An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1 and marked "Dublin to Cork Railway Line (Elimination and Upgrade) of Level Crossings between Limerick Junction and Mallow Order 2021"

**Oral Hearing**

An Bord Pleanála may at its absolute discretion hold an oral hearing into the application for a Railway Order.

**Judicial Review**

A person may question the validity of any such decision by An Bord Pleanála may make by way of an application for judicial review in accordance with section 47 and 47A of the Transport (Railway Infrastructure) Act 2001 (as amended and substituted) and under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986 as amended) and practical information on the review mechanism can be accessed under the heading 'Publications – Judicial Review Notice' on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizen's Information website www.citizensinformation.ie

Geraldine Finucane, Secretary to the Board of Córas Iompair Éireann
Heuston Station, Dublin 8

Dated this 5th May 2021

**Further information is available from:**

Cork Line Level Crossings Project, C/O Jacobs, Mahon Industrial Estate, Blackrock, Cork, T12 HY54 E-mail: cllc@irishrail.ie
Web: www.irishrail.ie/CorkLineLevelCrossings

# AN BORD PLEANÁLA

## AN TACHT IOMPAIR (BONNEAGAR IARNRÓID) 2001
## (ARNA LEASÚ AGUS ARNA IONADÚ)
## IARRATAS Ó CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN AR ORDÚ IARNRÓID

Cuirfidh Córas Iompair Éireann (CIÉ) trí na cumhachtaí a thugtar dó le halt 37 d'Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú agus arna ionadú) iarratas chuig An Bord Pleanála ar nó i ndiaidh an 14 Bealtaine 2021 le haghaidh Ordú Iarnróid de bhun fhorálacha an Achta sin.

Údaróidh an tOrdú Iarnróid, má thugtar é, Córas Iompair Éireann chun oibreacha iarnróid agus na hoibreacha ar fad atá riachtanach a dhéanamh chun cur ar chumas CIÉ deireadh a chur le agus, más cuí, seacht gcrosaire comhréidhe uimhrithe a uasghrádú agus na hoibreacha gaolmhara agus coimhdeacha ar fad a chur i gcrích feadh stráice 24 ciliméadar de Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath go Corcaigh mar seo a leanas:

- XC187 - Baile an Fhóntaigh - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh: An trácht a chur ar mhalairt slí feadh bóithre atá ann chuig tardhroichead thart ar 3 chiliméadar i dtreo an oirthuaiscirt;
- XC 201 - Baile Thomáis - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh. Droichead nua bóthar-os cionn-droichid. Nascadh leis an mbóthar áitiúil atá ann ó dheas agus le hacomhal nua ar an mBóthar Réigiúnach, R515, ó thuaidh;
- XC209 - Bealach Átha - An crosaire comhréidh atá ann a uasghrádú chuig crosaire comhréidh 4-bhacainn arna rialú ag CCTV;
- XC211 - An Baile Nua - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh. Bóthar rochtana nua díreach taobh thoir den bhóthar-os-cionn-droichid atá ann ó thuaidh de XC211 - An Baile Nua, chun nascadh leis an mbóthar áitiúil atá ann ar an taobh thoir de XC211 - An Baile Nua;
- XC212 - Baile Uí Choscraigh (Sráidbhaile Bhealach Átha) - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh Droichead nua bóthar-os-cionn-droichid le nascadh leis an mbóthar áitiúil atá ann ag na taobh thoir agus thiar den chrosaire comhréidh, carrchlós nua leis an scoil atá ann. Le nascadh le hEastát Choill na Feá agus Scoil Náisiúnta Bhealach Átha ó thuaidh agus leis an mbóthar áitiúil atá ann ó dheas;
- XC215 - Seangánach - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh Bóthar rochtana nua le nascadh leis an mbóthar-os-cionn-droichid atá thart ar 1km i dtreo an tuaiscirt; agus
- XC219 - Cill na Mallach - An crosaire comhréidh atá ann a dhúnadh. Droichead nua bóthar-os cionn-droichid a thógáil le nascadh leis an mbóthar réigiúnach atá ann i dtreo an oirthir agus an iarthair.

**Beidh doiciméid i dteannta leis an iarratas lena n-áirítear:**

a) Dréacht den Ordú Iarnróid beartaithe dar teideal "Ordú Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath go Corcaigh (Díchur agus Uasghrádú) Crosairí Comhréidhe Ghabhal Luimnigh agus Mhala 2021";
b) Pleananna maidir leis hoibreacha iarnróid atá beartaithe;
c) Leabhar tagartha don phlean (a shonróidh aitheantas úinéirí agus áititheoirí na dtailte a bhfuil cur síos orthu sa phlean); agus
d) Ráiteas faoin éifeacht ar an timpeallacht is dócha a bheidh ag na hoibreacha iarnróid atá beartaithe („Ráiteas Tionchair Comhshaoil").
e) Ráiteas Tionchair Natura.

**Iniúchadh ar an Dréacht-Ordú Iarnróid agus na Cáipéisí a Ghabhann Leis**

Is féidir iniúchadh a dhéanamh ar chóip den Dréacht-Ordú Iarnróid agus doiciméid tionlacain an iarratais i rith gnáthuaireanta oifige nó oscailte (gan Stáisiún na Rátha sa áireamh; is féidir coinne a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig cllc@irishrail.ie nó trí glaoch a chur ar 01 7034451 chun iniúchadh a dhéanamh orthu ag Stáisiún na Rátha), ón 28 Bealtaine, 2021 ar feadh tréimhse 6 seachtaine go dtí an 9 Iúil, 2021 ag:

- **An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902**
- **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, Bóthar Thuar an Daill, Tuar an Daill, Luimneach, V94 WV78**
- **Comhairle Contae Chorcaí, Áras an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC**
- **Iarnród Éireann, Stáisiún na Rátha, Bóthar an Iarnróid, An Ráth, Co. Chorcaí, P56 C654**

Tá na doiciméid ar fáil ag www.irishrail.ie/CorkLineLevelCrossings freisin

**Doiciméid a Cheannach**

Is féidir cóipeanna nó sleachta de na doiciméid a bhí i dteannta leis an iarratas, lena n-áirítear an Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta, an Achoimre Theicniúil maidir leis sin agus an Ráiteas Tionchair Natura a cheannach trí tháille a íoc nach sáróidh costas réasúnach cóip a dhéanamh de na doiciméid nó de shliocht as na doiciméid:

- **Tionscadal Crosairí Comhréidhe Líne Chorcaí,** F/ch Jacobs, Eastát Tionscail Mhachan, An Dúcharraig, Corcaigh, T12 HY54
- **An Bord Pleanála**, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902
- **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh**, Bóthar Thuar an Daill, Tuar an Daill, Luimneach, V94 WV78
- **Comhairle Contae Chorcaí**, Áras an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC

**Aighneachtaí i Scríbhinn**

Breithneoidh An Bord Pleanála aon aighneachtaí a bhaineann leis an Ordú Iarnróid beartaithe nó a bhaineann leis na héifeachtaí ar an timpeallacht is dócha a bheidh aige agus na héifeachtaí suntasacha sa cheantar lena mbaineann ar Láithreáin Eorpacha, más ann dóibh, a bheidh ag na hoibreacha iarnróid beartaithe, a chuireann aon duine faoina bhráid i scríbhinn a mbeidh táille €50 leis (Níl an táille seo iníoctha ag comhlachtaí forordaithe áirithe ná ag daoine a bhféadfaí a gcuid tailte a fháil faoin ordú seo.). Ní mór aighneachtaí a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 9 Iúil, 2021 ag 5:30pm agus ní mór iad a sheoladh chuig: An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 agus an méid seo a leanas scríofa ar an aighneacht: "Ordú Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath go Corcaigh (Díchur agus Uasghrádú) Crosairí Comhréidhe Ghabhal Luimnigh agus Mhala 2021"

**Éisteacht ó Bhéal**

Féadfaidh An Bord Pleanála, dá lánrogha féin, éisteacht ó bhéal a reáchtáil maidir leis an iarratas ar Ordú Iarnróid.

**Athbhreithniú Breithiúnach**

Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh den chineál sin de chuid an Bhoird Pleanála a cheistiú ar mhodh iarratais ar athbhreithniú breithiúnach de réir alt 47 agus alt 47A d'Acht Iompair (Bonneagar Iarnróid) 2001 (arna leasú agus arna ionadú) agus faoi Ordú 84 de Rialacha na nUaschúirteanna (I.R. Uimh. 15 de 1986 arna léasú) agus is féidir eolas praiticiúil maidir leis an meicníocht athbhreithnithe a rochtain faoin gceannteideal 'Publications - Judicial Review Notice' ar shuíomh gréasáin an Bhoird www.pleanala.ie nó ar shuíomh gréasáin Faisnéis do Shaoránaigh www.citizensinformation.ie

Geraldine Finucane Rúnaí an Bhoird, Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8

Arna dhátú 5 Bealtaine, 2021

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

**Tionscadal Crosairí Comhréidhe Líne Chorcaí,** F/ch Jacobs, Eastát Tionscail Mhachan, An Dúcharraig, Corcaigh, T12 HY54 **Ríomhphost: Cllc@irishrail.ie**
**Suíomh Gréasáin www.irishrail.ie/CorkLineLevelCrossings**